

Ag Casadh na Taoide

Ár straitéis le haghaidh 2022-26





Is gníomhaireacht stáit é an Bord Iascaigh Mhara a thacaíonn le hearnáil bia mara na hÉireann agus a fhorbraíonn í. Cuirimid saineolas teicniúil, tacaíocht ghnó, maoiniú agus oiliúint ar fáil.

Tá clú agus cáil ar bhia mara na hÉireann ó thaobh cáilíochta de. Feictear go bhfuil na huiscí ina ngabhaimid nó ina dtógaimid ár gcuid táirgí glan agus nádúrtha. Meastar bia mara féin a bheith sláintiúil agus sómasach araon — meascán uathúil — agus ní bhreathnaítear ar bhia mara mar nós a mbíonn tionchar aige ar athrú aeráide. Is táirge é seo a bhfuil acmhainneacht shuntasach fáis aige, cuid mhaith de nach bhfuil leas á bhaint as faoi láthair.

Na daoine a ghabhann nó a dhéanann feirmeoireacht ar an mbia mara a itear agus a onnmhairítear in Éirinn, is iondúil go bhfuil siad tar éis é sin a dhéanamh ar feadh na nglúnta. Tá siad fíochmhar dílis agus bíonn siad ag obair go dian. Tacaíonn siad lena chéile agus lena dtraidisiúin le paisean agus diongbháilteacht.

Ag BIM, tá sé mar aidhm againn i gcónaí cabhrú leis an bpobal seo níos mó a bhaint amach, agus níos mó a chúiteamh as a gcuid iarrachtaí. Lorgáimid bealaí d'earnáil bia mara na hÉireann chun an méid atá uathúil a chosaint agus fós féin chun fás agus feabhsú a lorg. Anois, níos mó ná riamh, ní mór dúinn an ról sin a chomhlíonadh.

Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na chéad chúig bliana eile

Sa doiciméad seo, leagann Bord Iascaigh Mhara amach ár spriocanna straitéiseacha ó 2022 go 2026. 1. Tagann sé seo ag am nuair a bhíonn earnáil bia mara na hÉireann ag athrú ar scála atá gan fasach, go príomha mar gheall ar an mBreatimeacht. Bhí tionchar uathúil díreireach ag Comhaontú Trádála agus Comhair 2020 idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach ar bhia mara na hÉireann. Caillfidh ár gcabhlach 15 % dá chuóta bliantúil; cuireadh isteach ar onnmhairí táirgí chuig an Ríocht Aontaithe agus ar allmhairiú comhábhar agus soláthairtí ón Ríocht Aontaithe. Ar deireadh, níl droichead talún na Ríochta Aontaithe — an margadh is tapúla ar an mbealach chuig mór-roinn na hEorpa, chomh inmharthana céanna anois.

Mar aon le tionchar fadtéarmach an athraithe aeráide, cruthaíonn sé sin bagairt uathúil ar thodhchaí ár n-earnála. Ní ham é seo le haghaidh cur chuige seasta mar a théann sí; chun dul tríd an stoirm seo, beidh ar mhuintir BIM agus ar earnáil an bhia mara oibriú i gcomhar le chéile le hintinn agus fócas iomlán. Bhí BIM tiomanta i gcónaí inár gcuid oibre chun tacú leis an earnáil bia mara agus í a fhorbairt. Ach éilíonn scála an chomhthéacs reatha smaointeoireacht úr, fuinneamh athnuaite, agus fócas iomlán ar na dúshláin nua atá romhainn.

Le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá ár straitéis nua cúig bliana forbartha againn anois. Leagtar amach ceithre sprioc leis an straitéis sin arb é is aidhm dóibh ath-shainmhíniú a dhéanamh ar a ndéanaimid, agus athchóiriú dearfach a dhéanamh ar an earnáil mar thoradh air sin. Tacaítear leis na spriocanna sin le ceithre chur chuige nua maidir leis an gcaoi a n-oibrímid — rud a athróidh cultúr agus iarmhairt BIM mar eagraíocht.

Níl aon cheartúcháin tapa ann, agus ní bheidh sé seo éasca. Ach má táimid tiomanta don straitéis seo — leis an iarracht agus an déine a éilíonn sí, is féidir linn a bheith i réim le chéile.





An fhís a threoraíonn an straitéis seo

Go luath in 2021, thosaigh BIM ag smaoineamh ar conas is fearr freagairt do na bagairtí fadtéarmacha eiseacha atá os comhair earnáil bia mara na hÉireann anois. Chomh maith leis na bearta láithreacha a tugadh isteach ag an am, chuireamar tús freisin le próiseas pleanála le haghaidh athrú córasach. Bhí a fhios againn go mbeadh sé seo ag teastáil ar fud na hearnála, agus inár n-eagraíocht féin.

Ba é bunús an phróisis sin ná nach bhfuil aon athrú ar ár misean:

Ár misean: Tacú le méadú ar chruthú luacha in earnáil inbhuanaithe an bhia mara in Éirinn feadh an tslabhra soláthair, agus é sin a chumasú, ó ghabháil go tomhaltóir.

Ach conas is féidir linn leanúint leis an misean sin i gcomhthéacsanna dúshlánacha an lae inniu? Chun cabhrú lenár spriocanna straitéiseacha a shainiú, tá fíis nua forbartha againn do BIM: is é seo an chaoi a bhfuil sé i gceist againn ár misean leanúnach a bhaint amach go rathúil:

Ár bhfís: Rachaimid i gcomhar le hearnáil bia mara na hÉireann ar gach bealach is féidir, le hintinn agus le práinn, chun na hathruithe is gá a aithint agus a bhrú chun cinn chun a chinntiú go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann.

Is í an fhís seo an tagarmharc atá againn do shraith nua de spriocanna straitéiseacha uailmhianacha agus forleathana, agus do chur chuige nua maidir leis an gcaoi a gcuirfimid na spriocanna sin i gcrích. Tá siad seo leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas.



Ár spriocanna

Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú

A bheith mar an ceannaire a theastaíonn ó bhia mara na hÉireann

Tá an ról a imríonn BIM tagtha chun cinn go leanúnach ó bunaíodh é. Is é an méid atá ag teastáil anois ná ceannaireacht mhisniúil láidir atá soiléir. Ní mór dúinn todhchaí uailmhianach a aithint go réamhghníomhach do bhia mara na hÉireann, agus ansin cabhrú leis an earnáil an cuspóir sin a bhaint amach.

Chuipe sin, ní mór dúinn labhairt ar dtús leis na páirtithe leasmhara uile — laistigh den earnáil agus lasmuigh di. Ní mór dúinn a bheith i gceannas ar iarracht chomhchoiteann chun srianta agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Is féidir linn oibriú le chéile ansin chun a fháil amach cad iad na léargais, na gníomhaíochtaí agus na torthaí intomhaiste a d'fhéadfadh fás inbhuanaithe a chur ar fáil. Spreagfaidh BIM an t-athrú seo, agus treoróidh sé é.

As seo go ceann cúig bliana, rachaimid i gcomhar le tionscal bia mara na hÉireann chun straitéisí forbartha saincheaptha a chruthú agus a chur i bhfeidhm. Beimid i gceannas ar phróiseas a shaineoidh na dúshláin, agus a aimseoidh agus a chuirfidh réitigh uailmhianacha ar fáil.

Freagróidh na réitigh seo do dheacrachtaí uathúla i ngach réimse agus lorgóidh siad deiseanna ar fud na hearnála freisin. Níos tábhachtaí fós, beidh an próiseas seo ina fhíor-chomhoibriú. Cuirfidh foghlaim agus léargais uathu siúd a oibríonn i ngnó bia mara na hÉireann lenár dtacaíocht agus déanfaidh siad í a éascú.

Ceannairí laistigh den earnáil a shainaithint

Ní féidir linn a bheith i gceannas inár n-aonar. Ní mór do cheannairí eile a bheith ag obair linn. Déanfaimid ceannaireacht a aimsiú, a fhorbairt agus a spreagadh ar fud earnáil bia mara na hÉireann.

Le blianta beaga anuas, bhí ról lárnach againn i bhforbairt agus i bhforbairt scileanna in earnáil bia mara na hÉireann. D'fhorbair sé sin cumais agus acmhainneacht an lucht saothair agus ní mór dúinn anois ár n-aird ar an obair sin a dhúbailt.

Déanfaimid é sin trí scileanna gairmiúla a fhorbairt. Ina theannta sin, déanfaimid daoine aonair a bhfuil an-mhianach iontu a aithint agus tacóimid leo agus cuirfimid comhairle ar ghnólachtaí conas a bpríomhdhaoine a chothú ar mhaithe le todhchaí níos fearr. Cuirfidh ár straitéisí cláir forbartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon i gcrích do na ceannairí earnála seo.

An fhaisnéis atá de dhíth orainn a bhailiú chun léargas agus gníomh a dhéanamh

Ní mór go mbeadh BIM ar an bhfoinse aitheanta le haghaidh sonraí cruinne, sofaisticiúla, ábhartha agus tráthúla d'fhorbairt ár n-earnála. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas léargais shonraíbhunaithe a thabhairt le torthaí spriocdhírithe ar féidir iad a thomhas go fóinteach.

Beidh ár gcomhairle don earnáil bunaithe ar an mbunús sin, lena n-áirítear bealaí chun freagairt do shaincheisteanna inbhuanaitheachta. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, beidh orainn ár gcultúr a fhorbairt tuilleadh, agus infheistíocht a dhéanamh inár gcumais agus inár bpearsanra. Ina theannta sin, cruthóimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua — náisiúnta agus domhanda — le gníomhaireachtaí agus cliant ar féidir leo a gcuid sonraí agus anailíse a chur lenár gcuid sonraí agus anailíse féin.

Beimid inár saineolaí aitheanta ar shonraí d'fhorbairt earnáil bia mara na hÉireann. Beidh gá le feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a mbailímid agus a ndéanaimid anailís ar fhaisnéis — a mbeidh athrú bunúsach ag teastáil ina leith, ach a mbeidh buntáistí buana ag baint léi.



Ár spriocanna

Torthaí a sheachadadh le réitigh a chuireann athrú i bhfeidhm

Díriú ar thorthaí

Ní mór don obair laethúil a dhéanaimid ag BIM díriú ar thorthaí — ar chuspóirí comhaontaithe a bhaint amach. Ní mór do gach rud a dhéanaimid freastal ar an gcuspoir acmhainneacht fhadtéarmach na hearnála a athrú ó bhonn. Táimid anseo chun réitigh a chur ar fáil ar na dúshláin atá os comhair na hearnála; dul chun cinn a dhéanamh agus a spreagadh, gan bac a chur air choíche.

Nuálaíocht a spreagadh

Ní mian linn cleachtais thraidisiúnta a athrú gan ghá, ach ní mór dúinn teacht ar réitigh nua ar na dúshláin nua atá os comhair na hearnála. Ar dtús, ní mór an méid a theastaíonn ó BIM ó oibreoirí bia mara na hÉireann a aithint. Ní mór dúinn a bheith nuálach: cleachtais nua agus smaointeoireacht nua a aithint, a thriail, a thomhas agus a chur i bhfeidhm, a sheachadann níos fearr. Is é seo an caighdeán a leagaimid síos dár bhfoireann féin, agus dóibh siúd a thacaímid leo san earnáil.



Oiliúint a fhorbairt chun torthaí a bhaint amach

I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, agus i gcomhpháirtíocht le ceannairí tionscail, déanfaimid sraith athnuaite oiliúna a cheapadh agus a sheachadadh. Tabharfaidh sé sin na scileanna is gá don earnáil chun dul san iomaíocht, chun í féin a chur in oiriúint, chun fanacht sábháilte agus chun a bheith inbhuanaithe i saol ina gcuirtear digitíú chun tosaigh. Níos tábhachtaí fós, cabhróidh sé le hearnáil bia mara na hÉireann tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus a bheith ina lucht saothair níos éagsúla agus níos spreagtha.

Cur le deiseanna na hinbhuanaitheachta

Is ábhar é seo a scrúdaímid go domhain i sprioc ar leith, ach tá sé curtha san áireamh anseo freisin chun cur i bhfeidhm na sprice seo a léiriú. Tá an fhreagracht as an timpeallacht nádúrtha a chothú leagtha amach mar ualach breise ar an earnáil rófhada. Is deis é, go deimhin, a léiríonn nádúr agus imní na ndaoine atá ag obair in earnáil bia mara na hÉireann.

Leanfaidh BIM ar aghaidh ag díriú ar ár n-infheistíocht, ár n-oiliúint agus ár líonrú chun acmhainneacht na hinbhuanaitheachta a aithint agus a bhaint amach. Is é an tomhas ar rath na sprice seo ná gur féidir linn, faoi dheireadh thréimhse na straitéise seo, gníomhaíochtaí sonracha inláimhsithe a léiriú a chuidigh le todhchaí fhadtéarmach na hearnála seo a chinntiú.



Ár spriocanna Infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe le fás fadtéarmach

Ár smaointeoireacht a athrú

Is é is aidhm don sprioc seo ár meon a fhorbairt: idir chistí agus acmhainní a sholáthar go héifeachtúil agus infheistiú le haghaidh torthaí amach anseo. Ní mór do BIM ár dtacaíochtaí ar fad — maoiniú agus deontais san áireamh — a dhíriú ar ghníomhaíochtaí a chuireann tairbhí intomhaiste ar fáil don earnáil. Nuair a bheidh acmhainní airgeadais á leithdháileadh, ní mór dúinn an gá, an rún, agus an toradh a bhfuiltear ag súil leis a shainiú.

Díreoidimid ár n-infheistíochtaí amach anseo i dtreo an iomaíochais agus na hathléimneachta: ar thodhchaí fhadtéarmach na hearnála a áirithiú. Bainfimid é sin amach le córais chuíchóirithe atá inrochtana, trédhearcach agus dea-rialaithe. Leanfaidh an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) de bheith ina phríomhfhoinsé mhaoinithe againn. Cabhróimid freisin le hearnáil bia mara na hÉireann infheistíocht airgeadais a mhealladh agus a urrú ó raon foinsí eile.

Is athrú bunúsach dearfach é an claochlú seo ar ár samhail chistiúcháin. Beidh gá le nósanna imeachta nua, próisis nua agus bearta nua laistigh dár n-eagraíocht. Beimid ag féachaint anois le tairbhí soiléire a chruthú agus a mheas ó gach cinneadh maoinithe. Tosóidh an t-athrú seo ar an gcur chuige láithreach — agus déanfar athbhreithniú cuimsitheach air ansin.

Cinntí airgeadais a ailíniú le spriocanna straitéiseacha

Beidh ár roghanna agus ár moltaí infheistíochta bunaithe ar ár spriocanna straitéiseacha. Beidh sonraí soiléire mar threoir ag na cinntí a dhéanfaimid faoin méid nó faoi na daoine ar cheart infheistíocht a dhéanamh iontu, nó d'fhonn faisnéis a fháil le haghaidh cinntí infheistíochta amach anseo.

Tacóimid le hinfeistíochtaí airgeadais le hinfeistíochtaí i gcomhairle agus in oiliúint ghnó — agus a mhalairt. Díreofar ár n-infheistíochtaí go léir chun torthaí uailmhianacha fadtéarmacha a bhaint amach a uasmhéadóidh luach agus tairbhe na hearnála. Tabharfaimid spreagadh agus tacaíocht don earnáil freisin chun a cuid infheistíochtaí féin a dhéanamh i dtreo na spriocanna sin.

Léargais a chur i bhfeidhm ar infheistíochtaí

Is iad ár sócmhainní sonraí — agus na léargais a dtacaíonn siad leo — na huirlisí a úsáidfimid chun ár n-infheistíochtaí a threorú. Áireofar leis seo treochtaí tomhaltóirí agus miondíola a bailíodh i gcomhar le Bord Bia, agus comhpháirtithe léargas eile. Cabhróimid freisin leis an earnáil an cumas a bhaineann le hathruithe beartais a fháil amach, a thuiscint agus rochtain a fháil orthu.

Tacaíochtaí trasghníomhaireachta a chomhtháthú

Tá BIM ar cheann den iliomad gníomhaireachtaí agus páirtithe tráchtála áitiúla, náisiúnta agus AE a bhfuil baint acu le rath earnáil bia mara na hÉireann. Beimid i gceannas ar phróiseas comhoibrithe leis na páirtithe leasmhara seo chun ár gcomhinfeistíocht san earnáil a mhéadú. Is é an rún a bheidh againn ná é a dhéanamh níos éasca ag earnáil bia mara na hÉireann infheistíocht a aithint, a chur i bhfeidhm agus a fháil — idir shaineolas, acmhainní nó cistí.



Ár spriocanna

Ár gcomhshaol agus ár n-earnáil a chosaint

Uaireanta, is féidir an inbhuanaitheacht a mheas mar shrian seachas mar fhreagracht. Ach is chun leasa earnáil bia mara na hÉireann é a chinntiú go mbíonn iasc le gabháil agus le feirmeoireacht i gcónaí. Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh na glúnta de leanaí agus garpháistí a bheidh ann amach anseo in ann maireachtáil ó bhia mara na hÉireann i gcónaí. Cothóidh cosaint ár dtimpeallacht nádúrtha — a thacaíonn le bia mara — an earnáil go fadtéarmach. Ní chuirtear i gcoinne an dá thoradh sin; tá siad nasctha go dlúth. Leanfaidh BIM ar aghaidh ag obair le hearnáil bia mara na hÉireann chun cabhrú léi teacht ar an bhféidearthacht a chuirtear ar fáil trí bheith ag obair ar bhealach inbhuanaithe. Beidh comhoibriú agus comhar le comhpháirtithe ar nós Fhoras na Mara rithábachtach chun an sprioc sin a bhaint amach.

Caighdeán aontaithe inbhuanaitheachta a fhorbairt

Beidh BIM i gceannas ar an earnáil i bhfeachtas chun dintíúir inbhuanaitheachta bhia mara na hÉireann a athdhearbhú. Ag tógáil ar bhonn na gclár atá ann cheana, déanfaimid caighdeán aonair inbhuanaitheachta agus cáilíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn do bhia mara uile na hÉireann. Beidh meas ag an gcaighdeán seo ar riachtanais na hearnála, freastalóidh sé ar mhianta agus ar ábhair imní an tomhaltóra, agus cabhróidh sé leis an muirthimpeallacht a chosaint. Faoi dheireadh ár bplean cúig bliana, beidh an caighdeán tar éis a bheith sainithe, cruthaithe agus curtha in iúl do thomhaltóirí.

Dramhaíl a laghdú agus a athúsáid

Is cinnte go mbíonn dramhaíl mar thoradh ar ghabháil, feirmeoireacht agus próiseáil bia mara. Comhoibreoidh BIM leis an earnáil, ag gach céim den slabhra táirgthe, chun an dramhaíl seo a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is é an aidhm atá againn ná íoslaghdú nó díothú nuair is féidir, laghdú nó maolú, nó úsáidí agus feidhmchláir a aimsiú le haghaidh seachtháirgí a d'fhéadfadh a bheith ina dtáirgí, ina gcomhábhar nó ina n-amhábhair. Cabhróimid le hearnáil bia mara na hÉireann acmhainn eacnamaíoch na dramhaíola a fhiosrú, seachas í a fheiceáil mar fhadhb atá dian ó thaobh costais de. Ar deireadh, is mian linn a chinntiú go leanfaidh earnáil an bhia mara den chomhshaol nádúrtha a chosaint.

Freagairt don athrú aeráide

Ní mór d'earnáil bia mara na hÉireann níos mó a fháil amach faoi na tionchair a mheastar a bheidh ag an athrú aeráide. Ní mór di foghlaim faoina thionchar fadtéarmach ar imharthanacht roinnt gníomhaíochtaí, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar shlíthe beatha. Is pobal é seo a bhfuil taithí aige ar dhul i ngleic le dúshlán, agus ar an neart a aimsiú chun freagairt le chéile do dhúshlán. Ach ní mór dó cabhair a fháil ó BIM agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun an t-eolas, an tacaíocht agus na freagraí atá ag teastáil anois a fháil.

Cabhróidh BIM leis an earnáil dul in oiriúint do thionchair dhosheachanta an athraithe aeráide, agus tionchair na n-athruithe sin is féidir linn a mhaolú le chéile a laghdú. Déanfaimid é sin le cur chuige atá nuálach, praiticiúil agus dírithe ar ghníomhaíocht. Ní mór glacadh le raon feidhme na freagartha is gá don scáladúshlán seo le huailmhian. Faoi mbliain 2026, beidh cabhair faighte ag earnáil bia mara na hÉireann uainn chun raon cuimsitheach freagairtí ar athrú aeráide a fhorbairt.

Bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú

Chun na cuspóirí uile thuas a léiriú, déanfaidh BIM réitigh a fhorbairt agus a ghníomhachtú mar fhreagairt ar chailliúint na bithéagsúlachta. Déanfaimid é sin trí oibriú i gcomhar leis an earnáil, agus le foinsí eolais agus maoinithe áitiúla, náisiúnta agus AE.

Is é ár rún uathúil
na spriocanna seo
a bhaint amach — ach
beidh ar BIM an chaoi
a n-íompraíonn sí mar
eagraíocht a athrú
mar gheall ar scála
na huailmhéine seo.

**Is féidir é seo a achoimriú ar cheithre bhealach
nua ina dtabharfaimid faoinár gcuid oibre anois —
a mhínítear sna leathanaigh seo a leanas.**





An chaoi a gcuirimid ár gcuspóirí i gcrích
**Níos mó a bhaint
amach** trí oibriú le
chéile go diongbháilte

A bheith soiléir agus diongbháilte inár ngníomhartha

gach rud a dhéanaimid díriú ar thairbhí intomhaiste a bhaint amach d'earnáil bia mara na hÉireann. Leagann ár spriocanna straitéiseacha nua ceann scríbe soiléir amach do na cúig bliana amach romhainn. Ní mór dúinn anois an aidhm seo a chur i ngníomh inár gcuid le páirtithe leasmhara, agus inár gcuid oibre laethúla féin. Ní fiú tascanna gan chuspóir nó gnóthachan inláimhsithe a dhéanamh. Beidh soiléireacht agus rún ag ár ndaoine maidir lena ról ionas gur féidir leo gníomhartha nuálacha a aithint agus a chur i bhfeidhm chun ár straitéis a chur i gcrích.

Freastal ar earnáil bia mara na hÉireann le feabhas

Is é an cuspóir atá againn freastal ar bhia mara na hÉireann. Tiocfaidh forbairt ar chultúr, ar bhearta feidhmíochta, ar fhoireann agus ar acmhainní na heagraíochta chun é sin a léiriú. Tiocfaimid ar bhealaí chun a bheith níos mó i láthair agus níos infheicthe sna réigiúin cois cósta is mó a bhfuil ár dtacaíocht ag teastáil iontu. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas muintín inár gcumais agus creideamh inár rún a chothú agus a threisiú. Ar deireadh, inseoidimid scéal faoi cé sinn féin agus cad a dhéanaimid — chun ár bhfoireann reatha a choinneáil agus a spreagadh, agus chun na daoine nua is fearr a mhealladh.



A bheith bródúil as cé sinn féin

Ní mór do BIM a bheith ina léiriú inspioráideach ar ár spriocanna don earnáil. Comhlíonfaimid ár n-oibleagáid faoi Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí. Tá sé mar aidhm againn na spriocanna sin a shárú maidir le cuimsitheacht agus éagsúlacht, agus a chinntiú go mbraitheann ár ndaoine go léir go bhfuil meas orthu. Is féidir linn a bheith bródúil as cé sinn féin, agus bródúil níos mó as an méid atá beartaithe againn a dhéanamh sna cúig bliana amach romhainn. Ní mór dúinn é sin a léiriú inár gcumarsáid agus inár ngníomhartha.

Ár bhfeidhmíocht a thomhas agus a fheabhsú

Beidh sé deacair tosú ar an mbealach a iompraíonn eagraíocht a athrú. Chun a chinntiú go mbeidh orainn ár n-uailmhian a mhíniú, déanfaimid beart seachtarach agus oibiachtúil d'ailíniú fostaithe a aithint agus a ghníomhachtú. Rianófar leis sin conas a bhraitheann ár ndaoine ár ngealltanais nua agus conas a mhaireann siad de réir na ngealltanais sin, agus conas a théann sé seo i bhfeidhm ar a gcuid oibre. I gcomhar lenár bhfoireann, tiocfaimid ar chomhaontú maidir le sprioc uailmhianach don bheart seo, agus déanfaimid measúnú ar an dul chun cinn atá déanta againn ina leith thar thréimhse cúig bliana.



An chaoi a gcuirimid ár gcuspóirí i gcrích Ár scileanna agus freagrúlacht a **fhorbairt**

Acmhainní dár bhfoireann

Ní mór do BIM a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta, na daoine cearta, agus an cultúr ceart eagraíochtúil againn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ár straitéise nua. Mar chéad chéim, déanfaimid measúnú ar aon bhearnaí sa taithí agus sa chumas atá ag ár bhfoireann cheana féin. Chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, ní mór dúinn saineolas inmheánach a fhorbairt i réimsí nua do BIM. Áirítear orthu sin anailís sonraí, cinnteoireacht shonraibhuanaithe, forbairt gnó, agus scileanna inbhuanaitheachta.

Cinnteoimid go mbeidh an oiliúint, an fhorbairt gairme agus an tacaíocht uas-scilithe ag ár ndaoine chun freastal ar na riachtanais a bheidh againn amach anseo. Déanfaimid measúnú freisin ar fheidhmíocht ár ndaoine chun aitheantas a thabhairt dár dtosaíochtaí nua a aithníonn freagrúlacht agus a chúitíonn torthaí.

Faoi dheireadh ár bplean cúig bliana, beidh pleananna forbartha gairme saincheaptha i bhfeidhm ag gach ball foirne agus beidh dul chun cinn maith déanta chun toradh comhaontaithe a bhaint amach a oireann d'acmhainneacht gach duine.



Ár struchtúr a ailíniú

Ní mór struchtúr eagraíochtúil BIM a mheas de réir ár spriocanna straitéiseacha nua. Déanfar ról, foirne agus clár oibre a athdhíriú chun ár straitéis a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtaí. Saineofar freagrachtaí, ach ní dhéanfar iad a leithlisiú. Is mian linn a chinntiú go mbeidh ár bhfoirne comhtháite, comhordaithe agus in ann tacú lena chéile ar luas.

Cinnteoimid freisin gur féidir lenár n-eagraíocht freagairt go tapa do riachtanais atá ag teacht chun cinn nó do pholasaí nua. Ní hamháin go bhfuil BIM á athmhúnlú againn don straitéis seo, táimid ag ullmhú freisin do dhomhan níos éiginnte, go háirithe mar gheall ar an athrú aeráide. Tógfaimid an BIM nua seo trí thagarmharcáil a dhéanamh ar ár gcumas, ár dteicneolaíocht agus ár bpróisis i gcoinne dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Rialachas dea-chleachtais a bhaint amach

Sa timpeallacht nua seo, déanfaimid caighdeán rialachais dea-chleachtais don tseirbhís phoiblí a mheaitseáil nó a shárú. Áireofar leis sin cleachtais nua maidir le bainistiú tionscadal, faoi stiúir foireann thiomnaithe a rianáíonn seachadadh straitéiseach. Déanfar príomhbhearta feidhmíochta a shainathint agus a mheasúnú go rialta i gcomparáid le spriocanna straitéiseacha tionscadail. Sainathneofar tionscnaimh a imíonn ó thorthaí nó ó amlínte pleanáilte agus tacófar leo chun iad a choinneáil ar an mbóthar ceart. Tabharfaimid aitheantas do thionscadail a n-éiríonn leo agus cinnteoimid cuntasacht agus foghlaim dóibh siúd nach n-éiríonn leo.



An chaoi a gcuirimid ár gcuispóirí i gcrích
Ár ndícheall a dhéanamh
 a bheith ag obair ar
 bhealach níos cliste, níos
 tapúla agus níos fearr.

Tascanna a dhéanann difear a chur in ord tosaíochta

Cuirfimid chun tosaigh na seirbhísí agus na tionscnaimh a chruthaíonn tionchar dearfach d'earnáil bia mara na hÉireann. Chun cabhrú leis an aidhm seo, rachaimid i dteagmháil leis an earnáil agus éistfimid léi, chun measúnú a dhéanamh ar a cuid riachtanas, chun na tosaíochtaí a aithint, agus chun bheith freagrúil inár ngníomhartha. Leanfaimid le feabhas leanúnach a chur ar ár gcuid oibre, agus ar an gcaoi a n-oibrímid, agus cinnteoidimid go dtacóidh ár struchtúir leis an uailmhian éifeachtúlachta sin. Déanfar na forbairtí sin go léir a ailíniú leis an straitéis seo agus déanfar iad a thomhas ina coinne, ar bhonn leanúnach.

Éifeachtúlacht a spreagadh

Déanfaimid an oiread agus is féidir den mhéid a dhéanaimid a uathobriú agus a dhigitiú, agus ag an am céanna leathnóimid rochtain agus inrochtaineacht ár seirbhísí. Más féidir linn tasc a shimpliú, a chomhdhlúthú nó deireadh a chur leis, déanfaimid amhlaidh.



Déanfaimid éifeachtúlachtaí dea-chleachtais a aithint agus a ghlacadh ón dea-chleachtas san earnáil phríobháideach agus stáit, in Éirinn agus thar lear. Déanfaimid tionchar na n-athruithe sin a thomhas, lena chinntiú go méadóimid rochtain níos éasca ar an méid a dhéanaimid, agus ar an gcaoi a ndéanaimid é. Baileoidimid faisnéis ar conas a thacaímid le cliant, ar féidir lenár bhfoirne go léir rochtain a fháil uirthi — chun caighdeán a leagan síos agus comhoibriú a spreagadh.

An t-aistriú chuig seirbhísí a chuireann digitiú chun tosaigh

Tá gluaiseachtaí suntasacha déanta ag BIM cheana féin i dtreo samhail dhigiteach níos lúfar chun ár seirbhísí a sholáthar. Ach ní mór dúinn teacht ar bhealaí chun dul níos faide, níos tapúla. Ba cheart dár bhfealsúnacht an digitiú a chur chun tosaigh: ar mhaithe le luas rochtana, éifeachtúlacht agus comhtháthú faisnéise inár gcinntí. Tá sé mar aidhm againn a bheith ar thús cadhnaíochta i seirbhísí digiteacha ar fud na hearnála agus forbróimid réitigh a chuirfidh oideachas ar gheallsealbhoirí agus a rachaidh chun tairbhe dóibh. Beidh ár gcumarsáid agus ár rannpháirtíocht á stiúradh go digiteach, chun teagmháil phearsanta níos éifeachtaí a éascú. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, beidh gá le straitéis dhigiteach a bheidh ar aon dul le scála agus le huailmhian ár straitéise foriomláine. Chun é sin a chumasú, beidh orainn infheistíochtaí a dhéanamh i mbonneagar, i saineolas agus in oiliúint.

Cinntí eolasacha intomhaiste a dhéanamh

An fhaisnéis uile a bhailímid, agus an digitiú ar fad a bhainimid amach, is é is mó a bheidh mar bhonn eolais againn agus mar threoir againn. Cinnteoidimid go mbeidh ár gcinnteoireacht bunaithe ar shonraí oibiachtúla, agus go mbeidh tairbhí intomhaiste ag baint lenár ngníomhaíocht.



An chaoi a gcuirimid ár gcuspóirí i gcrích
Dul i dteagmháil chun
caidrimh chlaochlaitheacha
a thógáil

Rannpháirtíocht sheachtrach a neartú agus a leathnú

Chun ár n-uailmhian do na cúig bliana amach romhainn a bhaint amach, teastaíonn athrú céim eile ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid leis an earnáil agus lenár bpáirtithe leasmhara. Tosaíonn sé seo le hearnáil bia mara na hÉireann; ní mór dúinn dul i dteagmháil léi ar leibhéal nua agus ar bhealaí nua chun teacht ar réitigh inoibrithe inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, ní féidir linn ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach inár n-aonar: ní mór dúinn líonra nua leathnaithe cumasóirí agus lucht tacaíochta a thógáil. Ar deireadh, ní mór dúinn ár straitéis a threisiú trí thacaíocht athnuaite a lorg ó chomhghuaillithe amhail ár máthair-Ranna agus gníomhaireachtaí eile, anseo agus san Aontas araon.

Is é an chéad chéim i dtreo na sprice sin ná cur chuige rannpháirtíochta cuimsitheach, struchtúrtha agus mionsonraithe a chruthú. Sainmhíneoidh sé sin na cuspóirí agus na bearta do gach gníomhaíocht, a bheidh curtha in oiriúint dár lucht féachana ar leith. Beidh sé seo críochnaithe againn agus in úsáid roimh an bpointe leathbhealaigh dár bplean cúig bliana.



Meas a léiriú ar chumarsáid inmheánach agus í a chumasú

Rachaimid i dteagmháil lenár lucht féachana inmheánach féin agus éistfimid leis chun díospóireacht thrédhearcach, oscailte agus spriocdhírthe a spreagadh. Ní mór dár ndaoine a bheith cumasaithe agus muiníneach maidir le smaointe nua a thabhairt isteach nó cleachtais oidhreachta a athrú. Ba mhaith linn a fhoghlaim ónár ndaoine féin cad a chreideann siad is gá chun ár spriocanna a bhaint amach. Mar fhreagairt air sin, d'fhéadfadh BIM a bheith sásta glacadh le bealaí nua oibre, agus le cur i bhfeidhm solúbtha agus leathnú scileanna atá ann cheana nó scileanna nua.

Chun ár spriocanna cúig bliana a bhaint amach, tá gá ag ár bhfoireann le soiléireacht iomlán, le muinín iomlán, agus le fíorchreideamh go ndéanann a cuid oibre difear. Clúdódh sé sin gach a dhéanaimid: idir an chaoi a ndéanaimid ár spriocanna inbhuanaitheachta féin a bhaint amach, agus an chaoi a mbainistimid an próiseas d'athrú riachtanach inár n-eagraíocht féin.

Cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go hinrochtana

Déanfaimid cumarsáid i ngnáth-theanga, agus míneoimid cuspóir agus rún gach teachtaireachta. Beidh ár gcumarsáid seirbhíse éasca a aimsiú, éasca a rochtain agus éasca a thuiscint. Ach ní leor soiléireacht gan tionchar — ní mór dúinn a chinntiú freisin go bhfuil ár gcumarsáid spéisiúil. Mar sin, nuair a dhéanaimid cumarsáid, ní hamháin go míneoimid rudaí, cuirfimid rudaí ina luí ar dhaoine freisin.

Ceannaireacht

Ceannaireacht a threorú agus a chothú chun bheith ina fórsa réamhghníomhach agus aontaithe le haghaidh claochlú dearfach. Tacófar leis sin trí shaineolas tionscail a fhorbairt agus beidh sé bunaithe ar léargais shonraibhunaithe.

Níos mó a bhaint amach trí oibriú le chéile go diongbháilte. Beidh soiléireacht agus rún ag ár ndaoine ina ról. Beimid bródúil as an gcaoi a ndéanaimid freastal agus fás ar earnáil an bhia mara, agus déanfaimid ár muinín a threisiú chun dul chun cinn a dhéanamh.

Baint amach

Soláthar

Torthaí a sholáthar le réitigh a spreagann athrú. Díreoidh ár ndaoine agus ár ngníomhartha ar thorthaí sonracha don earnáil bia mara. Beidh sé sin á chumhachtú ag ár nuálaíocht, agus trí nuálaíocht agus oiliúint earnálach a chothú.

Ár scileanna agus freagrúlacht a fhorbairt. Tá scileanna nua agus bealach oibre níos freagrúla agus níos solúbtha de dhíth ar ár straitéis nua. Cinnteoidimid go mbeidh an tacaíocht agus na hacmhainní ag ár ndaoine chun ár spriocanna a bhaint amach.

Forbairt

Infheistiú

Infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe le fás fadtéarmach mar chomhpháirtithe gníomhacha chun cabhrú leis an earnáil bia mara spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Maoineoidimid athrú intomhaiste, agus déanfaimid comhordú agus comhoibriú le foinsí maoinithe seachtracha.

Ár ndícheall a dhéanamh a bheith ag obair ar bhealach níos cliste, níos tapúla agus níos fearr. Déanfaimid níos mó — ar bhealach níos éifeachtúla agus ar bhealach sonrach níos éifeachtaí. Spreagfaimid an t-athrú le samhail a chuireann an digitiú chun tosaigh, atá freagrúil, comhtháite agus uathoibrithe.

Ár ndícheall a dhéanamh

Cosaint

Ár gcomhshaol agus ár n-earnáil a chosaint. Caighdeán inbhuanaitheachta indíolta a fhorbairt, dramhaíl a laghdú agus a athúsáid, agus iarmhairtí an athraithe aeráide a mhaolú. I mbeagán focal: todhchaí bhia mara na hÉireann a chinntiú.

Dul i dteagmháil chun caidrimh chlaochlaitheacha a thógáil. Déanfaimid teagmháil shoiléir áititheach le lucht féachana atá ann cheana agus le lucht féachana nua chun ár spriocanna a bhaint amach, agus cothóimid naisc inmheánacha níos doimhne agus é sin á dhéanamh againn.

Dul i dteagmháil

Ag Casadh na Taoide 2022-2016
Ár gCuspóirí Straitéiseacha
agus Conas a dTugaimid Fúthu

Conas is féidir linn an uailmhian sin a bhaint amach?

Tá scóip agus raon feidhme ár straitéise ceannródaíoch agus dúshlánach — léiríonn sé sin na dúshláin eiseacha atá roimh an earnáil anois. Ní mór dúinn pleanáil conas ár spriocanna a bhaint amach do bhia mara na hÉireann, agus conas ár gcur chuige nua a ghníomhachtú agus sinn ag obair i dtreo na spriocanna sin. Tá sé rithábhachtach go n-aimsimid bealaí chun na cuspóirí sin a bhaint amach, seachas a bheith uailmhianach. Ba é an chuid éasca na spriocanna seo a leagan síos; beidh sé deacair iad a sholáthar. Ach cinnteoidh an rath a bheidh orainn cothú fadtéarmach ar bhia mara na hÉireann.

Is féidir ár gcéad chéimeanna eile i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach a achoimriú mar seo a leanas:

- Labhair lenár gcliaint, lenár ndaoine agus lenár bpáirtithe leasmhara — chun ár n-uailmhian agus ár n-iarraidh a mhíniú, agus chun éisteacht lena dtuairimí faoin straitéis seo.
- Cumhacht a thabhairt do na ceannairí laistigh dár n-eagraíocht féin ar féidir leo ceannas a ghlacadh ar gach ceann dár gceithre sprioc agus cur chuige.
- Plean gníomhachtúcháin a fhorbairt a léiríonn ár straitéis, agus an fhreagairt ó pháirtithe leasmhara ar ár straitéis. Beidh amlínte soiléire agus garspriocanna intomhaiste ag baint leis sin maidir lenár gcuspoirí.
- Tús a chur le próiseas leanúnach chun páirtithe leasmhara a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an dul chun cinn atá déanta againn i dtreo na spriocanna sin.



Tuigimid scála an dúshláin atá romhainn.

Chui g bail d'earnáil an bhia mara: Tá a fhios againn go raibh cur isteach, strus agus éiginnteacht orainn sa saol agus sna slite beatha againn. Is mian linn a chur ina luí ort go bhfuil ár dtodhchaí ailínithe le do cheannsa, agus déanfaimid gach is féidir linn chun earnáil bia mara na hÉireann a chosaint agus a fhás. Beidh gá le hathrú córasach suntasach chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú do bhia mara na hÉireann. Ní mór dúinn oibriú le chéile anois chun é sin a bhaint amach.

Chui g ár bhfoireann féin: Is turas é seo nach mór dúinn a dhéanamh le chéile, agus ní mór dúinn é sin a dhéanamh mar fhoireann aontaithe a bhfuil uailmhian chomhroinnte aici. Ar an gcaoi chéanna gur gá don earnáil a bheith ag obair ar bhealach gur féidir léi a choinneáil ar bun go fadtéarmach, ní iarrfaimid a thuilleadh ar ár bpobal féin. Níl uainn ach fócas comhaontaithe ar na nithe is tábhachtaí, agus ar na nithe a dhéanann difear intomhaiste.

Is acmhainn luachmhar é bia mara na hÉireann a bhfuil cúram agus saineolas ag teastáil chun é a chothú agus chun freastal air. Tá oidhreacht, traidisiún agus scil a bhfuil meas orthu ag na daoine a thugann bia mara na hÉireann chuig ár mbord. Ach is gairmithe iad freisin — a dhéanann a ndícheall an oiread slándála agus cinnteachta airgeadais a bhaint amach mar aon ghnó eile. Tá freagracht ar leith ar Bhord Iascaigh Mhara i leith bhia mara na hÉireann agus i leith na ndaoine a oibríonn in earnáil bia mara na hÉireann. Léiríonn an straitéis seo ár ngealltanais athnuaite dóibh siúd a ghabhann, a thógann agus a bhaineann taitneamh as bia mara na hÉireann. Is mian linn a chinntiú go bhfanfaidh bia mara na hÉireann ar an mbiachlár do na glúnta atá le teacht. Is mian linn cabhrú leis an earnáil fás, ionas gur féidir leo siúd a oibríonn le bia mara na hÉireann saol a chothú, agus ionas go mbeidh an deis chéanna ag a leanaí, nó deis níos fearr. Le bhur gcabhair, is féidir linn é seo a bhaint amach — le chéile.





Bord Iascaigh Mhara

An Cheannoifig

Bóthar Crofton,
Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath
A96 E5A0

Irish Sea Fisheries Board

Head Office

Crofton Road,
Dun Laoghaire,
Co. Dublin
A96 E5A0

T +353 1 214 4100 | **E** info@bim.ie | www.bim.ie